


Euro nó eora? Cent nó ceint?

An t-airgeadra nua agus Éire



Michael Everson

TÁ AIRGEADRA AONAIR, dá ngairtear an *euro* i mBéarla agus a dtugtar an *cent* sa teanga sin ar a fhoroinn dheachúil, tugtha isteach le haontas airgeadaíochta roinnt ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh. Is díol spéise in Eoraip na n-ilteangacha iad na slite éagsúla ina gcuirfead na focail nua seo in oiriúint d'fhuaimniú, do ghramadach agus do chórais litrithe na dteangacha Eorpacha, cibé acu an teangacha oifigiúla de chuid an Aontais Eorpaigh iad nó teangacha eile de chuid na dtíortha a mbeidh an t-airgeadra nua ina airgeadra náisiúnta acu nó teangacha Eorpacha eile ar fad.

In áit iarraidh ar na Ballstáit ionchur a bheith acu i dtaca le húsáid cheart ainm an airgeadra ina dteangacha féin, is amhlaidh atá an Chomhairle Eorpach tar éis a rialú gur mar a chéile a bheidh litriú an airgeadra agus litriú fhoroinn an airgeadra sin i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.¹ Thairis sin, tá rialaithe acu gur mar a chéile a bheidh uimhir uatha agus uimhir iolra na bhfocal *euro* agus *cent* i roinnt de na teangacha sin.

Is deacair iarmhairtí leathana na rialachán sin, dá nglacadh lucht dlí agus gnáthmhuintir na hEorpa leo, a chuimsiú. Sáraíonn siad prionsabal an choimhdeachais, a ráthaíonn gur ceisteanna inmheánacha do thíortha an Aontais iad réimsí áirithe saoil agus, dá réir sin, go bhfuil siad lasmuigh de scóip chumhachtaí

rialacháin na Comhairle Eorpaí. Feicimid thíos nach féidir rialacháin na Comhairle i dtaca leis an airgeadra nua a chur i bhfeidhm go cothrom, ag féachaint do dhálaí teangeolaíochta na hEorpa.

FOCAIL NUA AR IASACHT

I gcoitinne, nuair a thugtar focal nua isteach i dteanga, athraítear é de réir critéar cuí foghraíochta. Fuair lucht labhartha an Bhéarla an focal Seicise *robot* ar iasacht, mar shampla, ach chuir siad in oiriúint d'fhuaimniú an Bhéarla (['rəʊbɒt] seachas ['robot]) agus do ghramadach an Bhéarla (iolra *robots* seachas *roboty*) araon é. Fuair na teangacha Eorpacha an focal Araibise قهوة (*qabwa*) ar iasacht ar bhealaí éagsúla i bhfoirmeacha eadóirsithe éagsúla: *kafé* (Bascais); *coffee* (Béarla); *coffi* (Breatainis); *cafè* (Catalóinis); *kaffè* (Danmhairgis); *kabv* (Eastóinis); *kabvi* (Fionlainnis); *café* (Fraincis); *caife* (Gaeilge); *Kaffee* (Gearmáinis); *καφές* (*kafés* – Gréigis); *qawa* (Grúisis); *caffè* (Iodáilis); *kaffi* (Ioslainnis); *koffie* (Ollainnis); *kawa* (Polainnis); *café* (Portaingéilis); *кофе* (*kofe* – Rúisis); *káffe* (Sámaí); *kava* (Slóivéinis); *café* (Spáinnis); *kaffè* (Sualainnis); *kabve* (Tuircis); *kávè* (Ungáiris). Tugadh a inscne chúí agus/nó a dhíochlaonadh cuí don fhocal i ngach ceann de na teangacha sin.

1 Féach Rialachán (CE) Uimh. 1103/97 an 17 Meitheamh 1997 ón gComhairle Eorpach: *Whereas ... the European Council furthermore considered that the name of the single currency must be the same in all the*

official languages of the European Union, taking into account the existence of different alphabets.... This Regulation shall be binding in its entirety and directly applicable in all Member States.

Ní hamhlaidh atá ainm an airgeadra nua Eorpaigh agus ainm a fhoroinne á fháil *ex nihilo* againn. Gearrleagan den fhocal Laidine *centum* (100) atá in ainm na foroinne. Baineadh leas as mar fhoroinn airgeadraí eile, ar nós dhollar na hAstráile, Cheanada, Hong Cong, na Nua-Shéalainne agus Stáit Aontaithe Mheiriceá (*cent*), mar aon le coróin na hEastóine (*sent*). Tá foirm éigin den fhocal sin á húsáid cheana féin ag go leor teangacha.

Gearrleagan d’ainm na mór-roinne atá in ainm an airgeadra féin. Ní mar a chéile, áfach, a litrítear agus a fhuaimnítear ainm na mór-roinne i dteangacha éagsúla:

<i>Eiropa</i>	[ˈejropa]	Laitvis
<i>Eoraip</i>	[ˈjɛɾˈəpʲ]	Gaeilge
<i>Eurobpa</i>	[ˈeuroˈhpa]	Sámaí
<i>Eurooppa</i>	[ˈeuroːppa]	Fionlainnis
<i>Europa</i>	[øwˈroːpa]	Danmhairgis
	[ɔyˈropa]	Gearmáinis
	[euˈropa]	Iodáilis
		Portaingéilis
	[euˈropa]	Ollainnis
		Spáinnis
<i>Európa</i>	[euˈroːpa]	Ungáiris
<i>Europe</i>	[ˈjʊəɹəp]	Béarla
	[øˈrop]	Fraincis
<i>Eвропа</i>	[evˈropa]	Sualainnis
<i>Европа</i>	[evˈroupa]	Íoslainnis
<i>Ewrop</i>	[euˈrɒp]	Breatnais
<i>Ευρώπη (Eyrópa)</i>	[evˈroːpa]	Gréigis
<i>Европа (Eвропа)</i>	[evˈropa]	Bulgáiris
	[jivˈropə]	Rúisis
<i>Еўропа (Eўропа)</i>	[ewˈropa]	Béalarúisis
<i>Ευρώπη (Eвропа)</i>	[jevˈropa]	Airméinis
<i>ევროპა (evropa)</i>	[evˈropa]	Grúisis

An rud ab éasca a dhéanamh chun ainm an airgeadra a fháil ná an foirceann a bhaint

d’ainm na mór-roinne – mar atá déanta sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis agus sa Spáinnis. De réir Rialachán (CE) Uimh. 1103/97 ón gComhairle Eorpach, áfach, caithfear ainm an airgeadra a litriú mar *euro*. An gciallaíonn sé sin “nach gceadaítear” na foirmeacha *eiro*, *eora*, *evro*, *evró* ná *ewro*?

Beidh an téacs **EURO** agus **ΕΥΡΩ**, in dhá script éagsúla, Laidin agus Gréigis, ar na nótaí bainc. Is dócha go mbeidh an leagan Cirilleach **EBPO** ar na nótaí, chomh maith, má dhéantar teangacha oifigiúla de chuid an Aontais Eorpaigh den Mhacadóinis, den Rúisis, den tSeirbis nó den Úcráinis. An “gceadófar” **€** na hAirméinise nó **₹** na Grúisise leis? Cad faoi **€** na Béalarúisise?

Díol spéise é go ndearnadh na teangacha náisiúnta a urramú in iar-Aontas na Sóivéide, mar ar ceadáíodh do Phoblachtaí an Aontais focail agus díochlaontaí éagsúla, mar aon le litriú éagsúil, a úsáid don airgeadra náisiúnta. Ar nóta trí rúbal ón mbliain 1961, mar a fheicimid thall, faightear na foirmeacha seo a leanas, arb iad, ó thaobh na gramadaí de, na foirmeacha a leanann an uimhir 3 sna teangacha éagsúla iad: *rubla* (Eastóinis); *rubli* (Laitvis); *rublai* (Liotuáinis); *карбованці* (*karbovani* – Úcráinis); *манат* (*manat* – Asarbaidseáinis, Tuircméinis); *рубле* (*ruble* – Moldóivis); *рублi* (*rubli* – Béalarúisis); *рубля* (*rublja* – Rúisis); *сом* (*som* – Casacais, Círgísis); *сүм* (*süm* – Táidsícis); *сүм* (*süm* – Úsbaec); *roublu* (Airméinis); *манети* (*maneti* – Grúisis).

“Ceadaítear” do Shlóivéanaigh a litriú nádúrtha féin, *evro*, a úsáid. An gceanglófar orthu, de réir an Rialacháin thuas, an litriú atá acu a athrú nuair a bhainfidh siad ballraíocht amach san Aontas Eorpach? Cén praghas, ó thaobh na



sochaí agus na heacnamaíochta de, a bhainfeadh lena leithéid d'athrú, i dtaca leis na bunábhair oideachais, foclóirí agus ciclipéidí, seiceálaithe litrithe, athoilúint daoine agus mar sin de?

IDÉAGRAIF

Leanann ceisteanna den chineál sin as an mbuntuisicint a ghabhann leis an Rialachán ón gComhairle Eorpach, Rialachán nach dtógann aon cheann don réaltacht shochtheangeolaíoch ná ghnáth-theangeolaíoch – is é sin, go gcaithfidh ainm an airgeadra a bheith seasmhach agus gan athrú, amhail is gurbh ionann na ceithre litir go hidéagrafach agus siombail theibí airgeadra – tabhair faoi deara go léirítear *dollar* agus *peso* araon le “\$” – nó amhail is gurbh ionann iad agus digit – feictear “2” ach deirtear *еркоу-р* (*erkowk'*), *bi*, *two*, *dwy*, *dos*, *to*, *kaks*, *kaksi*, *deux*, *a dó*, *zwei*, *δύο* (*dýo*), *орі* (*orí*), *due*, *tveir*, *twee*, *dwa*, *dois*, *два* (*dva*), *guokte*, *dva*, *dos*, *tvã*, *iki*, *kettó*...

Tugtar neamhaird sa Rialachán ar dhá fhíric shimplí: go bhfuil córais litrithe ag na teangacha Eorpacha atá bunaithe ar luachanna coinbhinsiúnacha na litreacha Laidine, Gréigise agus Cirilleacha arna n-oiriúnu do na teangacha sin agus, chomh maith leis sin, nach ndéileálann teangacha a bhfuil córais scríofa aibítreacha acu le sraith litreacha mar idéagraif, neamhspleách ar ghnáthrialacha léitheoir-eachta, de ghnáth.

UATHA AGUS IOLRA

Sa Rialachán lena gcosctar foirm iolra d'ainm an airgeadra a úsáid – agus é á nascadh le huimhir, cibé ar bith – glactar leis gur ar an gcuma chéanna a dhéileálann teangacha le hainmfhocail i ndiaidh uimhreacha nó gur féidir leo déileáil leo ar an gcuma chéanna. Is amhlaidh, áfach, nach mar sin atá. Cé go n-úsáidtear an t-ainmneach iolra le huimhreacha os cionn 1 i roinnt mhaith teangacha Eorpacha, sna teangacha Ceilteacha, is ainmfhocal san uatha a leanann uimhir, le claoclú tosaigh, de ghnáth, ag brath ar an uimhir a ghabhann roimh an ainmfhocal. Sa Rúisis, leanann an ginideach uatha na huimhreacha 2, 3 agus 4, agus an ginideach iolra na huimhreacha ó 5 ar aghaidh. San Eastóinis agus san Fhionlainnis, faighimid an uimhir uatha, rannaíoch, le huimhreacha os cionn 1.

Déanann an Rialachán ón gComhairle Eorpach cumhachtaí na Comhairle a shárú sa mhéid go gcuireann sé isteach ar ghramadach teangacha nádúrtha. Tá díultaithe dá réir sin ag na Fionlannaigh glacadh leis an Rialachán. Is éard atá acu ná ainmneach uatha: *euro*, *sentti*; ainmneach iolra: *eurot*, *sentit*; rannaíoch uatha: *euroa*, *senttiä*. Tá dhá champa san Iodáil – daoine a ghlacann le *gli euro*, ag leanúint an Rialacháin, mar fhoirm cheart an iolra agus daoine a mhaíonn gurb í an fhoirm cheart ná *gli ewri*. Tá *l'Accademia della Crusca*, an foras is mó tábhacht ó thaobh na hIodáilise de, ar an dream deiridh sin.

Breathnóimis anois ar chúrsaí in Éirinn de dheasca an Rialacháin ón gComhairle Eorpach. Mar a léirítear i gcás an Bhéarla de san *Economic and Monetary Union Act, 1998*, agus san *Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998*, i gcás na Gaeilge, tá glactha ag an Stát leis an

Rialachán. Sa leagan Béarla, baintear úsáid as na foirmeacha *euro* agus *cent* tríd síos, beag beann ar ghnáthfhoirm an iolra in *-s*, arbh í an fhoirm nádúrtha sa Bhéarla í. Féach alt 11(1) den Acht:

The Minister may provide coins denominated in euro or in cent....

Cuir i gcás go raibh an punt á bhunú mar airgeadra na hÉireann, ní *denominated in pounds or in pence* a bheadh ann de réir an Achta thuas ach *denominated in pound or in penny*. Mar a chéile, dá mbeadh an dollar á bhunú mar airgeadra na hÉireann, *denominated in dollar or in cent* a bheadh ann seachas *denominated in dollars or in cents*. Ach cén fáth nach *denominated in euros or in cents* atá san Acht, is é sin, an Béarla caighdeánach? Is é an tátal atá le baint as an leagan Béarla den Acht ná go bhfuil na hainmfhocail *euro* agus *cent* aistriithe go draíochtúil go sainleaganacha iolra, mar a fhaighimid san fhocal *sheep*, mar shampla.

Féachaimis anois ar alt 11(1) den leagan Gaeilge den Acht:

Féadfaidh an tAire monaí arna n-ainmniú san euro nó sa cent a sholáthar....

Déantar iarracht sa téacs seo ar an bhfadhb a sheachaint trí *in euro or in cent* a aistriú mar *san euro nó sa cent*. Ach tá fadhb againn le *sa cent*: ní mór ainmfhocail a thosaíonn le *c-* (arna fhuaimniú [k]) a shéimhiú tar éis *sa* agus, ar a laghad, is ceart é a scríobh mar *sa chent* ([sə çen^htʲ]).²

Dá mbeadh téacs an Achta mar atá thuas ag tagairt don phunt agus don phingin, nó don dollar agus don cheint (leagan Thomáis de Bhaldrathe, *English-Irish Dictionary*, 1959, s.v. “cent”), bheimis ag súil le *sa phunt agus sa*

² Ach amháin más [s] atá sa *c-* anseo; sa chás sin, is éard an fuaimniú a bheadh ann [sə s^hen^htʲ] nó [sə



Ó phóstair le Bord na hÉireann um an Ahdú go dtí an Euro

phingin nó *sa dollar agus sa cheint*. Agus, dá gcloífeadh an téacs Gaeilge leis an téacs Béarla, ach na foirmeacha cearta iolra a bheith sa téacs sin, bheadh *i bpoint agus i bpinginí* nó *in dollair agus i gceinteanna* againn. Dá réir sin, is éard ba cheart a bheith thuas ná *in eoraí* (nó *in eorónna*) agus *i gceinteanna*.

INSCNE

Dar le halt 6(1) den *Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998*, de bhua Rialachán (CE) Uimh. 974/98 an 3 Bealtaine 1998 ón gComhairle, “is é an euro airgeadra an Stáit”. Cé go n-úsáidtear an forainm firinsneach é, is amhlaidh gurb í an fhoirm bhaininsneach *an euro* a fhaighimid seachas an fhoirm fhirinsneach, *an t-euro*. Faighimid an ginideach san Acht leis, sa teideal ar Chaibidil II, *Córas Airgeadra an Euro*. Más baininsneach do *euro*, is éard ba cheart a bheith ann: *is í an*

t^hen^htʲ]. Níor mhór é sin a scríobh mar *s-* nó *ts-* seachas *ch-*.

euro airgeadra an Stáit agus *Córas Airgeadra na hEuro*; más firinsneach dó, is ceart is é *an t-euro airgeadra an Stáit* agus *Córas Airgeadra an Euro* a bheith ann.³ Ní cheadaítear meascán inscni mar atá thuas sa teanga.

Is díol inní é, freisin, go bhfuiltear ag glacadh leis go bhfuil na focail *euro* agus *cent* saor ó athruithe gramadaí i ndiaidh uimhreacha, ag tabhairt le tuiscint gur focal eachtrach atá in ainm airgeadra náisiúnta an Stáit, agus nach ngabhann séimhiú ná urú leis dá réir. Ní féidir gan **ocht euro*, **cúig cent* agus **ocht cent* – in áit *ocht n-euro*, *cúig cheint* agus *ocht gcent* faoi seach – a áireamh mar bhotúin de réir na rialacha gramadaí agus litrithe is bunúsaí sa Ghaeilge.

Thairis sin, thabharfadh litriú an fhocail *euro* féin le tuiscint, nuair a chuirtear i gcomórtas le gnáthrialacha litrithe na Gaeilge é, gurb é atá sa chéad chuid den fhocal, *eu-*, ná litreacha a scríobhtar inniu mar *éa-*; féach reut > *réal*. Caithfidh, leis, gur botún atá san *-o* seachas *-ó* sa dara cuid den fhocal; féach, mar shampla, go ngabhann *e* roimh *-o* in *daideo* [ˈdʲadʲiːo:], i gcomórtas le *mamó* [ˈmʲamʲo:].

Is amhlaidh atá téarma oifigiúil ar *cent* ann cheana féin. Mar a chonaiceamar thuas, faighimid *ceint* i bhfoclóir de Bhaldraithe (*English-Irish Dictionary*, Oifig an tSoláthair, 1959), agus is *ceint* atá in *Foclóir Staidéir Ghnó* na Roinne Oideachais (An Gúm, 1989) leis.

Ar deireadh, ós rud é nach gcuirtear an fuaimniú in iúl san Acht thuas, ní mór treoir a thabhairt cibé acu an mar [ˈe:ro:] nó [ˈjʊəɾo:] is ceart *euro* a fhuaimniú agus cibé acu an mar [kʲenʲtʲ] nó [sʲenʲtʲ] is ceart *cent* a fhuaimniú.

CEANGAL

Tá feicthe againn thuas go bhfuil *ceint* m4, iol. *ceinteanna*, ann cheana féin. Dealraíonn sé gurb iad *eora* f4, iol. *eoraí* (féach *deora* ‘furrow’, iol. *deoraí*) – nó, faoi thionchar fhuaimniú an Bhéarla, *eoró* f4, iol. *eorónna* (féach *bró* ‘millstone’, iol. *brónna*) – na foirmeacha cruinne Gaeilge i gcás *euro*. Is iad *na heora* (nó *na beoró*) agus *an cheint* is ceart a bheith sa ghinideach uatha agus is ceart go mbeadh feidhm freisin ag na gnáthathruithe i ndiaidh uimhreacha: *ocht n-eora* (nó *ocht n-eoró*), *cúig cheint*, *ocht gceint*. *Euros* agus *cents* ba cheart a bheith san iolra sa Bhéarla. Ní thagann na leaganacha eile le gramadach na Gaeilge ná an Bhéarla.

Níl de cheart ag an gComhairle Eorpach foirmeacha litrithe ná gramadaí a ordú i dteanga ar bith, bíodh sí ina teanga oifigiúil nó eile. Is le muintir na hEorpa an ceart sin. An mbainfidne in Éirinn leas as ár gceartna trí na foirmeacha *eora* (nó *eoró*) agus *ceint* a thabhairt ar ár n-airgeadra nua sa Ghaeilge?

3 Ní hamhlaidh atáthar ag plé leis an bhfocal *euro* mar ainmfhocal neodrach, tharla an inscne sin a bheith cailte den chuid is mó de sa Ghaeilge faoin naoú haois – ar aon nós, is é is dóichí ná gur

an n-euro agus *an euro* a bheadh mar fhoirmeacha an ainmnigh agus an ghinidigh faoi seach, dá mba rud é go raibh an inscne neodrach ann i gcónaí.